C/2024/1811

29.2.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1811)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Méditerranée'

PGI-FR-A1154-AM04

Dáta na teachtaireachta: 7.12.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Táirgeacht**

I roinn VI 'Táirgeacht' de Chaibidil I den tsonraíocht, laghdaíodh an uastáirgeacht le haghaidh fíonta dearga agus rosé ó 120 hl/ha go 100 hl/ha.

Is é an aidhm atá ann éifeacht a thabhairt d'iarmhairtí athrú aeráide ar tháirgeacht fíona an réigiúin. Ní chomhfhreagraíonn na huastáirgeachtaí arna n- iontráil sna sonraíochtaí táirge do na táirgeachtaí iarbhír ar an talamh a thuilleadh, atá níos ísle mar gheall ar éifeachtaí an triomaigh. Tá an triomach ar cheann d'iarmhairtí an athraithe aeráide is minice sa réigiún thoir theas seo sa Fhrainc. Ba mhian leis an ngrúpa táirgeoirí toradh na bhfíniúnacha a oiriúnú don fhírinne ar an talamh chun a gcáilíocht a chaomhnú.

Leis an athrú sin don táirgeacht, déantar difear don roinn 'Cleachtais fhíoneolacha - uastáirgeachtaí' den doiciméad aonair.

2. **Comhlacht cigireachta**

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht táirge chun an roinn dar teideal 'Comhlacht cigireachta' a shimpliú; sonraíodh gur gá comhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí tarmligthe ag INAO agus ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas a thairiscint.

Ní dhéanann an simpliú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmneacha)**

Méditerranée

2. **An cineál táisc gheografaigh:**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna:**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Fíonta socra atá dearg, rosé agus bán

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is saintréith na bhfíonta a tháirgtear na dea-bholaithe torthaíocha a mbíonn éagsúlacht ina ndéine agus ina nádúr ag brath ar na cineálacha fíonchaoire agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun iad a tháirgeadh.

Maidir leis na fíonta dearga, a mbíonn dath an ghairnéid de dhéine éagsúil orthu go ginearálta, déantar na húscthaí ar bhealach go gcaomhnaítear na struchtúir mhilse agus tainniní aibithe agus réidh sa bhéal a thairiscint.

Bíonn dath bándearg éadrom ar na fíonta rosé de dhéine éagsúil ag brath ar an bpróiseas brúite. Go tipiciúil, bíonn drithlí glasa sna fíonta geala a bhíonn de dhath buí éadrom den chuid is mo. Maidir le fíonta geala agus rosé, le meascán tosca éagsúla, (roghnú dáileachtaí chun aigéadacht a chaomhnú, cineálacha fíonchaoire agus teicneolaíocht le rialú teochta) is féidir cothromaíocht na bhfíonta idir torthaíocht, tiúchan agus úire a chaomhnú.

Comhlíonann na fíonta na critéir anailíseacha a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	9
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht, dearg, rosé agus geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Úsáidtear na fíonta is lú alcól agus is bríomhaire chun na fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht a tháirgeadh. Tá na dathanna agus na saintréithe orgánaileipteacha céanna acu siúd agus atá ag a leithéidí atá socair, ach maireann na dea-bholaithe, atá níos fíneálta agus níos úire, níos faide agus feabhsaíonn na bolgáin ghalánta fhíneálta iad.

Comhlíonann na fíonta na critéir anailíseacha a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fhíoneolacha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní mór na cleachtais fhíoneolacha uile a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Táirgeacht fíona ghil

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Táirgeachtaí fíona dheirg agus fíona rosé

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis na fíonta gan súilíní a bhaineann leas as an tásc geografach 'Méditerranée', ní mór gur sna ranna Alpes de Haute Provence, Hautes-Alpes, Alpes-Maritimes, Ardèche, Bouches-du-Rhône, Drôme, Var, Vaucluse, Corse-du-Sud, Haute-Corse agus sna bardais seo a leanas de chuid ranna Isère, Loire agus Rhône a dhéantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta gan súilíní a tháirgeadh agus a fhorbairt:

— i roinn Isère: na bardais go léir i gcantúin Roussillon, Vienne-Nord agus Vienne-Sud, an bardas Saint-Lattier i gcantún Saint-Marcellin;

— i roinn Loire: na bardais uile i gcantún Pélussin, na bardais Tartaras, Saint-Joseph, Saint-Martin-la-Plaine, Génilac, Dargoire agus Châteauneuf i gcantún Rive-de-Gier, na bardais Chagnon agus Cellieu i gcantún La Grand-Croix;

— i roinn Rhône: na bardais Echalas agus Saint-Jean-de-Touslas i gcantún Givors, na bardais Condrieu, Tupin-et-Semons, Ampuis, Saint-Romain-en-Gal, Loire-sur-Rhône, Trèves, Les Haies, Longes, Saint-Cyr-sur-le-Rhône, Sainte-Colombe i gcantún Condrieu, na bardais Rontalon, Saint-Didier-sous-Rivière, Saint-Maurice-sur-Dargoire, Saint-Sorlin agus Soucieu-en-Jarrest i gcantún Mornant.

Tá feidhm ag an limistéar geografach atá sainithe thuas maidir le buaint na bhfíonchaor agus ullmhú na bhfíonta súilíneacha ar ardcháilíocht ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée', ach amháin i roinn Drôme, áit nach féidir na hoibríochtaí sin a dhéanamh sna bardais seo a leanas: Aix-en-Diois, Aouste-sur-Sye, Aubenasson, Aurel, Barsac, Barnave, Beaufort-sur-Gervanne, Châtillon-en-Diois, Die, Espenel, Laval-d'Aix, Luc-en-Diois, Menglon, Mirabel-et-Blacons, Molière-Glandaz, Montclar-sur-Gervanne, Montlaur-en-Diois, Montmaur-en-Diois, Piegros-la-Clastre, Ponet-et-Saint-Auban, Pontaix, Poyols, Recoubeau-Jansac, Saillans, Saint-Benoît-en-Diois, Saint-Roman, Saint-Sauveur-en-Diois, Sainte-Croix, Suze-sur-Crest, Vercheny, Véronne.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Alicante Henri Bouschet N

Aligoté B

Alphonse Lavallée N

Aléatico N

Aramon N

Aramon blanc B

Aramon gris G

Aranel B

Arinarnoa N

Artaban N

Assyrtiko B

Aubun N – Murescola

Barbaroux Rs

Biancu Gentile B

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Brun argenté N – Vaccarèse

Cabernet Blanc B

Cabernet cortis N

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Caladoc N

Calitor N

Cardinal Rg

Carignan N

Carignan blanc B

Chambourcin N

CHARDONNAY B

Chasan B

Chasselas B

Chasselas rose Rs

Chatus N

Chenanson N

Chenin B

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Clairette rose Rs

Clarin B

Colombard B

Côt N - Malbec

Couderc noir N

Counoise N

Danlas B

Egiodola N

Floreal B

Gamaret

Gamay Fréaux N

Gamay N

Gamay de Bouze N

Gamay de Chaudenay N

Ganson N

Gewurztraminer Rs

Gramon N

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Gros Manseng B

Gros vert B

Jurançon noir N – Dame noire

Listan B – Palomino

Lival N

Lledoner pelut N

Macabeu B – Macabeo

Marsanne B

Marselan N

Mauzac rose Rs

Melon B

Merlot N

Merlot blanc B

Meunier N

Mollard N

Monarch N

Monerac N

Mourvaison N

Mourvèdre N – Monastrell

Muscardin N

Muscaris B

Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

Muscat d'Alexandrie B – Muscat, Moscato

Muscat de Hambourg N – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Nebbiolo N

Nielluccio N – Nielluciu

Petit Manseng B

Petit Verdot N

Picardan B – Araignan

Pinot blanc B

Pinot gris G

Pinot Noir N

Pinotage N

Piquepoul blanc B

Piquepoul gris G

Piquepoul noir N

Plant droit N – Espanenc

Portan N

Prior N

Ravat blanc B

Ribol N

Riesling B

Riminèse B

Rosé du Var Rs

Roussanne B

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G – Fié Gris

Sciaccarello N

Semillon B

Seyval B

Solaris B

Soreli B

Souvignier gris Rs

Syrah N – Shiraz

Tannat N

Tempranillo N

Terret gris G

Terret noir N

Tibouren N

Téoulier N

Ugni blanc B

Valdiguié N

Varousset N

Verdejo B

Vermentino B – Rolle

Vidoc N

Villard blanc B

Villard noir N

Viognier B

Voltis B

Xinomavro N

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc):**

8.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Cumhdaíonn limistéar geografach an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Méditerranée' an ceathrú thoir theas den Fhrainc.

Tá an chríoch sin comhdhéanta de thír-raonta éagsúla, agus mullaí arda na mórthíre agus na Corsaice araon thart uirthi.

Tagann gleannta, ardchláir agus fánaí le chéile i gcomhshaol tipiciúil na Meánmhara. Léirítear an stair chomhroinnte sin san ailtireacht, sna tírdhreacha, sa chultúr agus sna gnásanna.

An Mheánmhuir is cionsiocair leis sin, i dtéarmaí geolaíochta (ionraí farraige éagsúla ar an mhór-roinn atá ann faoi láthair), stair agus cultúr (tionchar na nGréagach, agus ansin na Rómhánaigh agus muintir Ghenova sa Chorsaic) go háirithe i dtéarmaí na haeráide.

Léirítear cultúr na Meánmhara anois sa stíl mhaireachtála (an bia, agus táirgeadh ola olóige agus labhandair sa réigiún) agus sna tírdhreacha arb iad a saintréithe an fásra frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus na cnoic uileláithreacha atá thart ar na gleannta inar féidir talmhaíocht a fhorbairt trí na hacmhainní ganna uisce a optamú.

Is féidir an réigiún a mbaineann tionchar sin na Meánmhara leis a roinnt idir an Chorsaic, Provence, na hAlpa deisceartacha, Vallée du Rhône agus na cnoic atá thart air.

Tá dálaí suaithinseacha gaoithe ag aeráid na Meánmhara freisin, go háirithe an 'Marin', gaoth aneas lán le bogthaise a shéideann i Murascaill an Leoin agus in Provence agus a mhaolaíonn teochtaí iomarcacha, agus an Mistral, gaoth thirim agus iontach foréigneach uaireanta a aerálann conair an Rhône aduaidh ó dheas agus cuidíonn sí leis na fíonghoirt a choinneáil i ndea-riocht.

Bíonn an méid de sholas na gréine agus teochtaí thar a bheith ard ar fud an limistéir.

Cruthaíodh go nádúrtha leis na gnéithe críochacha sin aitheantas réigiúnach na Meánmhara a bhfuil aeráid the, thirim agus ghaofar mar shaintréith aige, le hithreacha aolchloiche agus dea-dhraenáilte go nádúrtha, i gcás ina ndéantar na fíonghoirt a bhunú gar do leicinn sléibhe nó ag airde. Tá na tosca sin idéalach chun fíniúnacha a shaothrú.

8.2. *Sainiúlacht an táirge*

Baineann nádúr sonrach an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Méditerranée' leas, ní amháin as a réaltacht gheografach, ach as a fhréamhacha stairiúla freisin. Mar a rinneadh le crainn ológ, chuir muintir Phocaea fíniúnacha ón 6ú céad R.Ch. i gconair an Rhône, timpeall chathair Massalia in Phocaea (Marseille mar is fearr aithne air sa lá atá inniu ann), agus sa Chorsaic. D'fhorbair na ceannródaithe Gréagacha seo an trádáil fíona agus bhí siad in ann leas a bhaint as suíomh straitéiseach chalafort Massalia agus mór-ais chumarsáide an Rhône, chun an t-amfara ina raibh 'deoch Ghréagach úr agus choimhthíoch déanta as sú fíonchaora coipthe' a iompar. Cuireadh dlús le saothrú fíniúnacha le linn fhorghabháil na Róimhe agus tháinig fíorfhás air le linn na Meánaoiseanna faoi thionchar cathracha amhail Lyon agus Marseille agus faoi thionchar an lucht ó Genova sa Chorsaic.

Le sócmhainní nádúrtha an limistéir gheografaigh den tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée' spreagadh saothrú na bhfíniúnacha. Leis an gcultúr fíona atá nasctha go dlúth leis an réigiún seo cumasaíodh forbairt chomhsheasmhach shaineolas na saothróirí fíona, atá bunaithe ar chur chuige oscailte maidir le cineálacha fíniúnacha a cuireadh, ach mar sin féin a bhfuil príomhghrúpa cineálacha a fhaightear sa limistéar geografach mar shaintréith aige.

Bíonn na fíonta dearga gan súilíní suntasach mar gheall ar a ndéine datha ard agus boige a dtainniní. Bíonn na dea-bholaithe torthaíoch (caora dearga nó torthaí aibí) le himreacha d'fhanaile uaireanta agus róstadh.

A bhuí le máistreacht fhoirfe na ngnéithe nádúrtha, bíonn cothromaíocht idir torthúlacht, tiúchán agus úire ag na fíonta geala agus rosé.

Úsáidtear na fíonta is lú alcól agus is bríomhaire chun na fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht a tháirgeadh. Bíonn na saintréithe céanna acu agus a bhíonn ag na fíonta gan súilíní le níos mó úire agus caolchúis chumhra.

Téann fianaise de tháirgeadh fíona shúilínigh laistigh de chríoch TGFC 'Méditerranée' siar go dtí na Meánaoiseanna. Tháinig méadú suntasach ar tháirgeadh le déanaí ó 1909, nuair a bunaíodh an chuideachta 'Royal Provence' (Tête Noire), cuideachta a tháirgeann beagnach 4 000 000 buidéal sa lá atá inniu ann, i roinn Bouches du Rhône. Coinníodh táirgeadh i gcodanna eile den chríoch seo ar bun freisin. Tá saothróirí fíona in Ardèche ag saothrú agus ag déanamh fíona go háirithe leis na cineálacha Marsanne B agus Russanne B agus Chardonnay B ar feadh 25 bliana. In Drôme tá siad ag baint úsáid as Chardonnay B in éineacht le Viognier B agus Muscat à petits grains blancs B le haghaidh fíonta geala agus Syrah N le haghaidh fíonta rosé ó na 1980í. Sa Chorsaic, tháirg siad 'vinu Forzatu' (an fíon éignithe) ag tús an 20ú céad agus níos déanaí, rinne an chomhar-fhíonlann 'Les Vignerons Corsicans' a céad cuvée fíona shúilínigh a mhargú in 1983 ag baint úsáid as cineálacha Chardonnay B agus Meunier N. I roinn Vaucluse, bhí fíonta súilíneacha déanta ag fíonlann Pernes les Fontaines as fíonchaora boird Gros vert B féinfhásta sna 1970í, gan dearmad a dhéanamh ar tháirgeadh bunfhíona ó fhíonlann Terres Valdèze a sholáthraigh an chuideachta Kriter ó na 1950í; tá an margadh atá aige inniu i ndiaidh éagsúlú in éineacht le cuideachtaí eile le haghaidh méid bliantúil de 15 000 heictilítear. Tá táirgeadh níos áitiúla ach chomh sean fós – ag dul siar go dtí 1959 – i roinn Hautes Alpes agus i roinn Alpes de Haute Provence, ina ndearnadh fíonta geala as na táirgí sin (roinnt mhaith acu bunaithe ar Chardonnay B) ó bhí na 1970í ann.

I roinn Var, bunaíodh 'Les Vins Bréban' in 1952 agus chuaigh an chuideachta Libra isteach ann in 1982; forbraíodh táirgeadh go tapa a bhuí leis na soláthróirí sin, dírithe ar fhíonta rosé súilíneacha, mar atá in Bouches du Rhône.

Dá dheasca sin, tá beagnach 200 oibreoir rannpháirteach sa limistéar táirgthe sin, agus leath de na comhar-fhíonlanna agus thart ar 30 trádálaí ag táirgeadh beagnach 10 000 heictilítear d'fhíonta súilíneacha ar ardcháilíocht.

8.3. *Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge*

Leis an méid áitiúil sin, agus leis an bpobal stairiúil cultúrtha sin, mar ba dhual, spreagadh saothróirí fíniúna an réigiúin chun iarratas a dhéanamh ar aitheantas in 'Vin de Pays de Méditerranée', a sainaithníodh an 1 Lúnasa 1999.

Tá TGFC 'Méditerranée' comhdhéanta de shaothróirí fíona ó 10 roinn in oirdheisceart Francach na Meánmhara. Chuidigh staid idéalach an limistéir fhíonsaothrúcháin seo agus tionchar air ag an Meánmhuir, a bhfuil aeráid shuntasach ghrianmhar aige agus éagsúlacht de chríocha iad uile oiriúnach do shaothrú fíniúna agus do tháirgeadh fíonta deasa, le traidisiún láidir fíonsaothrúcháin a fhorbairt.

Cothaíonn an méid suntasach de sholas na gréine d'aeráid na Meánmhara agus méid oiriúnach báistí aibiú optamach na bhfíonchaor. Le saintréithe sonracha críochacha réigiúin seo na Meánmhara, in éineacht le roghnú na gcineálacha fíonchaoire agus máistreacht ar theicnící fíonóireachta, is féidir fíonta a tháirgeadh atá cothromaithe idir tiúchan, torthúlacht agus úire. Gné réigiúnach is ea í na fíonghoirt a bheith suite go heisiach cóngarach do mhasaífí arda nó ag airde, chomh maith le tionchar na ngaoth aneas a bhfuil cion ard taise iontu, lena dtugtar a n-úire shaintréitheach do na fíonta.

Agus traidisiún fada fíonta súilíneacha sa chuid is mó dá ranna ó thús an 20ú céad, tá gné shainiúil fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht den tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée' mar thoradh ar shaibhreas a gcumasc, oiriúnú na gcineálacha a cuireadh d'éagsúlacht na críche agus saintréithe sonracha na críche sin.

Is iad na príomhchineálacha a úsáidtear chun fíonta geala súilíneacha a tháirgeadh Chardonnay B, Ugni blanc B, Grenache blanc B, Vermentino B. Le haghaidh fíonta rosé súilíneacha, atá anois mar dhá thrian den táirgeadh, is minic go n-áirítear na cineálacha Cinsault N, Grenache N, Muscat de Hambourg, agus Syrah N sna cumaisc.

Áirithítear leis an saineolas sin maidir le buaint luath, cineálacha fíonchaoire a chumasc agus críocha a roghnú beogacht, úire agus cothromaíocht le haghaidh na mbunfhíonta ar ardcháilíocht agus chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh ina mbeidh ar deireadh neart íseal alcóil.

Is iad na teicnící táirgthe a úsáidtear dara coipeadh i mbuidéil nó an modh 'Charmat' (an modh 'cuve close' nó 'umar') atá ina chleachtas is coitianta agus barr fabhair ó thaobh tráchtála de. Tá sé níos éasca leis an táirgeadh tapa is féidir a dhéanamh leis an modh deireanach carachtar sainiúil agus comhchuid aramatach na gcineálacha a úsáidtear a urramú agus an dath (atá fíor-riachtanach do na fíonta rosé) a chaomhnú, agus aitheantas fíonta TGFC 'Méditerranée' a urramú an tráth céanna. Bíonn na fíonta súilíneacha a dhéantar úr, aigéadach le mothú béil láidir, cothromaithe idir beogacht agus déine cumhra.

Tá uaillmhianta curtha in iúl go soiléir ag táirgeoirí maidir le margaí onnmhairíochta le haghaidh thásc geografach 'Méditerranée' a fhorbairt.

Leis an dinimic réigiúnach seo a thugtar le stádas TGFC 'Méditerranée' tugadh le chéile neart oibreoirí (253 shiléar, 174 shiléar aonair, 79 siléar a bhaineann le comhar-fhíonlanna, agus 51 trádálaí) agus tá méadú leanúnach ag teacht ar mhéideanna (100 000 heictilítear in 2000, 475 000 heictilítear in 2012).

Tá fás tagtha ar a chlú ar leibhéal áitiúil, a bhuí leis an tóir thurasóireachta atá ag an réigiún, agus ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, a bhuí leis an iliomad gradam a fuarthas ó Chomórtas Ginearálta Talmhaíochta Pháras, nó na tagairtí iomadúla sa 'Guide Hachette des Vins'.

Is comhpháirtí agus soláthróir oifigiúil Sheachtain na gCáinteoirí é TGFC 'Méditerranée' freisin ag Féile Scannáin Idirnáisiúnta Cannes.

Aithnítear TGFC 'Méditerranée' go hidirnáisiúnta (onnmhairítear 44 % de na méideanna a tháirgtear go bliantúil) agus tá an-tóir air ag turasóirí, a bhíonn ina sluaite sa réigiún, go háirithe le linn tréimhsí an tsamhraidh. Tugtar cuireadh do na turasóirí, trí phéirí a dhéanamh idir fíonta TGFC 'Méditerranée' agus speisialtachtaí áitiúla gastranómacha chun tairbhí na haiste bia Meánmhuirí a aimsiú.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de Pays' in ionad an téarma 'Indication géographique protégée' (tásc geografach faoi chosaint), ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Is féidir ainm na n-aonad geografach níos lú seo a leanas teacht i ndiaidh tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée', de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa tsonraíocht seo:

— 'Comté de Grignan'

— 'Coteaux de Montélimar'

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir leis an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée', áirítear ann, de pháirt, críocha na gceantar seo a leanas seachas bhardais na gceantar sin atá liostaithe sa limistéar geografach:

— i roinn Loire: ceantar Saint-Etienne,

— i roinn Rhône: ceantar Lyon,

— i roinn Isère: ceantair Grenoble agus Vienne; agus, ar an taobh eile, críocha na gceantar seo a leanas:

— ceantar Nîmes agus Alès (i roinn Gard)

— ceantar Mende (i roinn Lozère)

— ceantair Le Puy-en-Velay agus Yssingeaux (i roinn Haute-Loire)

— ceantair Montbrison agus Roanne (i roinn Loire)

— ceantar Villefranche-sur-Saône (i roinn Rhône)

— ceantar Bourg-en-Bresse (i roinn Ain)

— ceantar La Tour-du-Pin (i roinn Isère)

— ceantair Chambéry agus Saint-Jean-de-Maurienne (i roinn Savoie)

Tá na ceantair réamhluaite sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus forbairt fíonta súilíneacha ar ardcháilíocht ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Méditerranée', is féidir a fhorlíonadh, nó a mhalairt, le hainm ceann amháin de na haonaid gheografaigh níos lú dá dtagraítear i bpointe 2, agus síntear é chuig na ranna Ain agus Savoie.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-0863219b-a2d3-4529-bfd1-3912f485aded